Beirt Bhuachaillí Báire

Bhí an oíche bhreacdhorcha bhog de mhí na Lúnasa tithe arsan chathair, agus aer bog, aer a thug an samhradh chun chuimhne, chuaigh trisna sráideanna. Bádar na siopaí dúnta fo chomhlaibh i gcomhair shos an Domhnaigh agus bádar na sráideanna fo gach aon dath aerach luaineach lasan slua iontu. Caitheadar na lampaí sráide a solas anuas arsan slua ó mhullach a gcuaillí arda mar a bheidís péarlaí soilsithe iontu. Athraigh cruth agus athraigh dealramh an tslua an t-am ar fad agus éirigh monabhar gan athrú gan stad aníos i n-aer mbog na hoíche léithe.

Táinig beirt fhear anuas Chearnóg Parnell. Baí duine dhíobh ag rá an fhocal dheiridh de mhonalóg fhada. An duine eile, a shiúl ar chiumhais an chosáin agus arbh éigean dó dul arsan mbóthar ó am go chéile mar gheall ar mhíbhéas a leathbhádóra, éist leis agus dreach an éisteora air. Ba fhear giortach la haghaidh chíríneach é. Baí caipín luamhaireachta á chaitheamh i bhfad siar ara chionn aige agus an insint lana rabh sé ag éisteach, cuir sí a dhreach ag athrú ó fhoirceann a sróine, a súl agus a bhéil amach ar fud fad a aghaidh, mar a dhéanaidís cuilithíní uisce. Leanadar rachtanna beaga gáire cársánach a chéile as. Caith sé súil ar ghnúis a chompánaigh gach ré nóiméad, súil a rabh loinnir an aoibhnis ghlic inti. Uair nó dhó, athshocraigh sé an seaicéad báistí a bhaí caite siar ara ghualainn aige ar nós tarbhadóra. A bhrístí, a bhróga bána rubair agus a sheaicéad báistí, caite thara ghualainn, cuireadar cuma na hóige air. Mar sin féin, baí a chorp tithe i bhfeoil timpeall a bhásta, baí a chuid gruaige tearc agus liath agus, nuair a d’imídís na cuilithíní mothúcháin óna aghaidh, fágadh aghaidh a rabh cuma chaite uirthi ina n-áit.

Nuair a bhaí sé cinnte dearfa go rabh an spéic thart, dein sé gáire gan fhuaim a mhair ar feadh leathnóiméid iomláin. Ansin, a deir sé:

> ‘*Well*... sáraíonn sin gach dár chualas riamh!’

Bhí easpa brí la sonrú ina ghlór; agus chun chur treise lana fhocal, a deir sé la greann:

> ‘Deirim go fiú nach bhfuil a shárú beag ná mór ná, go fiú, *recherché* ar sin!’

Éirigh sé ciúin agus tromaí nuair a bhaí sin ráite aige. Baí a theanga tuirseach mar chaith sé an iarnóin ar fad ag caint i dtigh tábhairne ar shráid Dorset.

Ba é tuairim fhormhór na ndaoine gur shúdaire é Lenehan acht, in ainneoin a chlú, choisc a chlisteacht agus a dheisbhéalacht a chairde ar dul d’aon leith ina éadan. Baí dóigh chróga aige dul i láthair chomhluadar cairde leis i mbeár do fhanacht go luaineach arsan imeall go gcuirtí issan n-áireamh é i gceannach dí. B’fhánaí barúil é la neart scéalta, luimneach agus tomhas ar bharr a theanga. Baí sé beag beann ar gach sórt míchúirtéise. Ní fheadair aon duine conas a éirigh leis an dúshlán éadrócaireach a bhaineas la baint amach shlí bheatha dó féin, acht baí a ainm luaite ar dhóigh éigin la blúirí rásaí capaill.

‘Agus cén áit ar landáilis í, *Corley*?’, a fhiafraigh sé.

> ‘Oíche amháin, bhíos ag siúl síos Sráid an Dáma gur leagas súil ar raiteog bhreá fo chlog *Waterhouse* agus beannaíos di, an bhfuil a fhios agat? Is ea chuamar ar siúlóid feadh na canála agus deir sí liom gur chailín aimsire í i dtigh ar Shráid Bhagóid. Cuireas mo lámh thairsti gur beireas barróg uirthi an oíche sin. An Domhnach dár gcionn, a bhuachaill, baí coinne agam léi. Chuamar amach go Domhnach Broc agus thugas isteach i ngort ann í. Dúirt sí liom go mbíodh sí ag dul amach la Fear bainne... baí sé togh, a bhuachaill. Toitíní a thugadh sí dhom gach oíche agus d’íocadh sise an dturas arsan traein thall is abhus. Agus

measair céard a thug sí dhom oíche amháin, acht dhá *cigar*! An fíor-rud féin go deimhin, an bhfuil a fhios agat? Na cinn a chaitheadh an seanleaid. Bhaí eagla orm, *man*, go n-éiríodh sí torrach, acht tá sí críonna cliste arsna dóigheannaibh la sin do sheachaint.'

'B'fhéidir go gceapann sí go bpósfair í', a dúirt Lenehan.

'Dúras léi go rabhas ar díth fostaíochta', a dúirt an Toirdhealbhach. 'Dúras léi go rabhas la Teach *Pim* roimhe sin. Ní fios di cad is ainm dom. Baí an iomarca baoil ag baint la hinsint sin di. Acht measann sí go bhfuilim sách galánta, an bhfuil 'fhios agat?'

Dein Lenehan gáire arís: gáire ciúin.

'Dena heachtraibh ar fad dár chualas riamh, buaileann sin gach aon cheann eile gan aon agó.'

Tug siúl scóipiúil Corley la fios gur thaitin an moladh leis. Luascadh a chorp téagartha, cuir sé a chara ag caitheamh foléimeanna arsan mbóthar agus ar ais arís arsan gcosán. Ba mhac la bleachtaire an Gharda Síochána é Corley agus do thug leis cabhail agus siúl a athar. Siúl lana lámha lana dhá thaobh agus a cheann in airde, an ceann céanna ag luascadh anonn is anall. Baí ceann mór cruinneogach agus olúil aige; soineann agus doineann churadh sé allas; agus a hata mór ciorclach, a bhaí curtha ar leathstuaic air, baí sé cosúil la bleib phlanda a d'fhás as bleib eile. Stánadh sé díreach amach roimhe mar a bheth sé ar paráid, agus nuair ba mhian leis breathnú siar ar dhuine issa tsráid, níor mhór dó casadh a chabhail timpill óna chorrógaibh aníos. Faoi láthair, baí sé díomhaoin. Am ar bith a bhaí post la líonadh baí cara issa chúirt anseo nó ansiúd aige. Is minic a chonacthas é la Garda Síochána i ngnáthéadaibh agus iad i mbun cainte dáiríre. Baí an taobh istigh de chúrsaibh gnó ar eolas aige agus baí sé de nós aige tabhairt an bhreithiúnais deiridh ar scéal ar bith. Labhair sé lana chomrádaithe gan éisteacht leosan. Nuair a ríomhadh sé na comhráití seo, d'análaíodh an gcéad-litir dá ainm ar nós mhuintir *Florence*.[i]

Tairg Lenehan toitín dá chara. Agus an bheirt fhear ag siúl ar aghaidh tresan slua, cas Corley timpeall ar uairibh chun dhéanamh aoibhe gáire la roinnt dena cailínibh a chuadar thara mbráid, acht bádar súile Lenehan greamaithe arsan ghealach mhór fhann la dhá lios uirthi. Breathnaigh sé go staidéarach ar imeacht ghréasán liath clapsholais thara haghaidh. Fo dheireadh, dúirt:

'Is ea, abair liom, is dóigh liom go dtiocfaidh leat cur i gcrích an bhirt, nach dtiocfaidh, há?'

Fáisc Corley súil amháin go tromchúiseach mar fhreagra.

'An bhfuil sé sin de misneach aici?', a fhiafraíos Lenehan go hamhrasach, 'is doiléir é meon mná'.

'Tá sí ceart go leor. Tá a fhios agam cén chaoi tuidheacht laistigh dhi. Tá sí faoi gheasa agam.'

'Ní chuirfinn de chosúlacht leat acht *Lothario* aerach, ar Lenihan. 'Agus an cineál ceart Lotáirió freisin!'

Maolaigh oiread na fríde d'fhonóid a dhóigh tláithíneach. Mar chosaint air féin, ba é a nós ligean chiall an chleithmhagaidh lana phlámás. Níor ghrinn éirim an Toirdhealbhaigh áfach.

'Is iad na cailíní aimsire na mná is fearr', a aontaigh sé. 'Glac lamo chomhairlese faoi.'

‘Is é comhairle an duine a bhain triall asna cailínibh ar fad é’, a dúirt Lenehan.

‘Ar dtús, bhínn ag siúl amach la cailíní, an bhfuil a fhios agat, anabaí; cailíní assan Chuarbhóthar Theas. Thugainn amach áit éigean arsan tram iad, a bhuachaill, nó thionlacainn go banna ceoil nó go dráma issan amharclann nó cheannaínn seacláidí agus milseáin nó rud éigean arsan chaoi sin dóibh. Chaithinn airgead orthu ceart go leor’, a dúirt de ghlór diongbháilte mar aguisín, mar a bheth faitíos air nach gcreidtí é.

Acht baí sé sin breá inchreidte do Lenehan; claon sé a cheann go sollúnta.

‘Aithním an scéal sin’, a deir sé, ‘agus is é ealaín an mhothaolaí é.’

‘Agus diabhal rud a fuaireas riamh dá bharr as,’ ar Corley.

‘Is é a dhála sin agamsa,’ ar Lenehan.

‘Acht amháin as cailín amháin díobh,’ ar Corley

Cuimil a theanga dá bhéul uachtair, dá fhliuchadh. Táinig loinnir ina shúile lasan gcuimhne. Faoi mar a rinne Lenehan, breathnaigh seisean ar éadan lag na gealaí, a bhaí anois beagnach fo choim scamaill, agus déarfá go rabh sé ag déanamh a mhachnaimh.

‘Baí sí... sách blasta,’ a dúirt sé go haiféalach.

Ní raibh focal eile as. Ansin dúirt sé:

‘Tá sí ag díol í féin ara cuid anois. Chonaiceas ag dul síos Sráid an Iarla ar chóiste in éinfheacht la beirt dhiúlach oíche amháin.’

‘Is dóigh liom gur tusa is cúis leis sin,’ ar Lenehan.

‘Baí sí la fir eile sula rabhasa léi,’ ar Corley go fealsúnach.

An uair seo, ba luaithe a chreideadh Lenehan nach rabh sé ag insint na fírinne. Croith sé a cheann anonn is anall agus dein aoibh an gháire.

‘Ní thig leat cur dallamullóige ormsa, Corley,’ a deir.

‘Tugaim an leabhar ann!’ ar Corley. ‘Nach é a béal féin a dúirt liom é?’

Cuir Lenehan gotha na tragóide air féin.

‘A fhealltóir suarach!’ a dúirt.

Agus iad ag siúl la taobh ráillí Choláiste na Tríonóide, léim Lenehan amach arsan mbóthar gur glinnigh suas aran gclog.

‘Fiche i ndiaidh,’ a deir sé.

Am trátha,’ ar Corley. ‘Beidh sí ann, ceart go leor. Ligim dí fanacht píosa i gcónaí.’

Dein Lenehan gáire ciúin.

‘Muise, Corley, agatsa atá a fhios cén chaoi iad do láimhseáil,’ a dúirt.

‘Táim críonna ara gcleasannaibh beagaibh uile,’ a admhaigh Corley.

‘Acht abair liom,’ a dúirt Lenehan arís, ‘an bhfuilir cinnte go bhféadfair cur i gcrích an bhirt ar fad? Tá a fhios agat gur bheart íogair é. Táid damanta dúnta fon ghné sin. Ha?

Breathnaíodar a shúile beaga glice go grinn ar ghnúis a chompánaigh, ar thóir dearbhaithe. Luasc Corley a cheann anonn is anall mar a bheth ag iarraidh fála réidhe la feithid dígeanta, agus táinig muc ar gach mala aige.

‘Cuirfead i gcrích é,’ a deir. ‘Fág fúmsa, nach dtig leat déanamh sin?’

Tost Lenehan. Níor mhaith leis cur círín ara chara, go bhfógrótaí go teach an diabhail agus go ndeartaí leis nach rabh iarraidh ar bith ara chomhairle. Baí call la beagán stuaime. Acht d’imíodar na roic as éadan an Toirdhealbhaigh. Bádar a chuid smaointe ag rith i dtreo eile.

‘Is raiteog dheas mhánla í,’ a deir sé la sásamh; ‘gan aon agó.’

Siúladar síos Sráid Nassau gur casadar isteach ar Shráid Chill Dara ansin. Gar do phóirsibh an chlub, baí cláirseoir ina sheasamh i lár an bhóthair, agus é ag seinm d’fháinne bheag éisteoirí. Tarraing sé go neamh-aireach arsna sreangaibh agus caith súil luaineach ó am go ham ar aghaidh gach duine nua a tháinig i láthair agus freisin tug súil tuirseach in airde arsan spéir. Shílfeá go rabh a chláirseach tuirseach freisin: tuirseach de shúilibh na ndaoine anaithnid agus de lámhaibh a máistir. Baí a clúdaigh tite síos fona glúinibh ar nós cuma liom. Seinn lámh amháin fonn *Silent, O Moyle*[ii] ar shreanga dhorda na cruite, agus rith an lámh eile tresan dtribil tar éis gach grúpa nótaí. Ba dheas domhain glan é glór na nótaí.

Siúl an bheirt fhear suas an sráid gan labhairt, an ceol brónach dá leanúint. Nuair a bhaineadar faiche Stiofáin amach, trasnaíodar an mbóthar. Anseo, torann na dtramanna, na soilse agus an slua, scaoileadar óna dtost iad.

‘Seo í,’ ar Corley.

Baí bean ina seasamh ag bun Shráid Hume. Baí gúna gorm agus hata bán seoltóireachta á gcaitheamh aici. Ar chiumhais an chosáin a bhaí sí, scáth gréine á luascadh ina láimh. Éirigh Corley bíogúil.

‘Gabhaimis ina láthair go bhfeicim í,’ ar Lenehan.

Tug Corley silleadh súl go leataobhach ara chara agus leath meangadh gránna gáire air.

‘An bhfuilir ag iarraidh tuidheachta isteach orm?’, a fhiafraíos sé.

‘In ainm Chroim!’ ar Lenehan go teann, ‘ní gá cur mise in aithne dhi. Níl uaim acht amhairc uirthi. Ní íosfad í.’

‘Ó... amhairc uirthi?’ ar Corley níos cairdiúla. ‘Bhuel... céard faoi seo?: rachaidh mise anall do labhairt léi agus tig leatsa dul thar bráid.’

‘Tá go maith!’, ar Lenehan.

Baí leathchos caite tharsna slabhraí ag Corley nuair a ghlaoigh Lenehan air:

‘Agus ina dhiaidh? Cá bhfeicfidimid a chéile arís?

‘Leath i ndiaidh a deich,’ ar Corley, ag tarraingt na coise eile chuige.

‘Cén áit?’

‘Coirnéal Shráid Mhuirfean. Tiocfaimid ar ais.’

‘Beir bua,’ a fhág sé mar cheiliúradh dhe.

Níor thug Corley freagra dá laghad. Siúl trasna an bhóthair ara bhogstróc, a cheann ag bogadh anonn is anall. A chabhail mhór, a shiúl réchúiseach agus torann trom a bhróg, cuireadar cuma an chloíteora air. Táinig sé ionsarsan mbean n-óg agus, gan tabhairt beannaithe dá laghad di, tosaigh ag caint léi. Tosaigh sise ag iompú a scáth báistí níos tapúla agus ag casadh leath-thimpeall ara sáil. Uair nó dhó, nuair a labhair seisean bonn la bonn léi, dein sí gáire agus crom a ceann.

Coimhéad Lenehan orthu ar feadh chúpla nóiméad. Ansin siúl go mear píosa amach uathu la taobh na slabhraí agus trasnaigh an mbóthar ar fiar. Ag tuidheacht i ngar do choirnéal Shráid Hume dó, tug sé cumhra láidir issan aer fo deara agus dein mionscrúdú gairid imníoch ar dhreach agus ar chorp na mná óige. Baí sí feistithe go Péacógach ina cuid éadaí Domhnaigh. Fáisc crios dubh leathar a gúna gorm *serge* fon bhásta. Shílfeá go rabh búcla mór airgead a creasa ag teannadh isteach a láir agus é ag ceangail stuif éadrom a blúis ar nós bioráin. Baí seaicéad gearr dubh la cnaipí néamhainn agus *boa*[iii] chifleogach dubh á gcaitheamh aici. Baí ciumhais a *tulle collarette*[iv] curtha in aimhréidh d’aon toisc aici agus baí táth mór bláthanna dearga ceangailte dá blús agus a ngais in airde. Sonraigh Lenehan a corp íseal téagartha. Corp feidhmiúil, a mheas sé. Baí luisne rúpach sláinte an bhradáin ina haghaidh agus ina leicnibh ramhraibh deargaibh agus baí loinnir na sláinte ina súilibh gormaibh neamhchúthailibh. Ba gharbh-chumtha a ceannaithe. Baí poill mhóra sróine, béal sleabhctha a fhan ar oscailt i straois mhacnasach, agus corrfhiacla aici. Agus é ag dul thara mbráid, bain Lenehan de a chaipín, gur freagair Corley la comhartha issan n-aer tuairim is deich soicind níos moille. Is é an chaoi a dhein sé seo, cuir a lámh in airde ar éigean gur socraigh a hata go machnamhach.

Siúl Lenehan a fhad lasan *Shelbourne Hotel* gur fhuirigh ansin. Tar éis tamaill gairid, chonaic sé iad ag tuidheacht ina leith agus, nuair a chasadar ar dheis, lean iad, é ag siúl go héadrom síos taobh amháin de Chearnóg Mhuirfean ina bhrógaibh bánaibh. Agus é ag siúl ar aghaidh go mall, de réir a gcoiscéime siúd, breathnaigh ar cheann Corley, ag casadh gach ré nóiméad i dtreo na mná amhail úill móir ag tiontú ar mhaighdeog. Coinnigh sé fo raon radhairc iad gur fhaca sé iad ag dul suas staighre thraein an Domhnach Broc; ansin cas ara sháil agus fill ar ais.

Anois ó baí sé leis féin baí dreach níos sine air. Déarfá gur thréig a aeracht é. Ag tuidheacht arsna ráillibh taobh la Plásóg Laighean dó, lig sé dá láimh cuimilt dóibh. Gabh an bport a d’imir an cruitire seilbh ar ghluaiseacht a chorp. Buaileadar a bhróga ciúine an bport arsan chosán agus imríodar a méara scála breachnaithe arsna ráillibh go neamh-aireach i ndiaidh gach grúpa nótaí.

Siúl sé go díbheo timpeall Fhaiche Stiofáin agus ansin síos Sráid Grafton. Cé gur thugadar a shúile suntas i neart gnéithe den tslua trena ndeachaigh sé, is go gruama a thugadar. Na rudaí go léir a bhádar ceaptha cur suaircis air, is amhlaidh gur bheag leis iad, agus níor fhreagair sé na súile a caitheamh air, súile a thugadar fáilte roimh teanntás. Baí a fhios aige go gcaithfeadh sé déanamh go leor cainte, go mb’éigean dó déanamh neart cumadóireachta chun dhéanamh siamsa don

chuideachta, acht baí a scornach agus a intinn ró-spallta do dhualgas dá shórt. Ba ábhar imní dó conas cur thart na n-uaireanta go dtiocfadh Corley ar ais. Níor léir leis dóigh ar bith eile chun chaitheamh an ama acht amháin coinneáil leis ag siúl. Cas sé ar chlé nuair a tháinig a fhad la coirnéal Chearnóg Parnell gur airigh sé níos mó istigh ann féin isa tsráid chiúin dhorcha, ar fheil a dealramh gruama dá ghiúmar. Stad sé fo dheireadh re fhuinneog siopa a rabh cuma bhocht air agus a rabh *Refreshment Bar* scríofa i gcló bán osa chionn. Bádar dhá rud scríofa arsan fhuinneog: *Ginger Beer* agus *Ginger Ale*. Baí ceathrú liamháis a rabhadar cúpla stiall gearrtha dhe ar taispeáint ar phláta mhór ghorm agus baí slisne mearóg Nollag an-éadrom ar phláta i ngar dó. Dearc sé go santach arsan mbia seo ar feadh achair gur, i ndiaidh dó caitheamh súile airí suas, síos an tsráid, chuaigh isteach de sciotán ansin.

Baí ocras air óir, cé is moite de roinnt brioscaí a d'iarr sé ó bheirt shéiplíneach, níor ith sé aon cheo ó baí sé ina am chuid na maidine. Suigh sé síos chun boird ag tábla adhmaid gan chlúdach, os comhair bheirt chailíní oibre agus meicneora. Freastail cailín sraoilleach air.

'Cé mhéad ar phláta piseanna?' a fhiafraíos sé.

'Trí leathphingin, *sir*,' ar an cailín.

'Beir pláta piseanna chugam,' a deir sé, 'agus buidéal *ginger beer*.'

Labhair sé go garbh chun ceilte a chuma galánta, óir thost an chaint nuair a tháinig sé isteach. Baí lasadh ina ghrua. Sá sé a chaipín siar ara cheann agus lig a uillinneacha anuas arsan mbord do chur i gciall go rabh sé ara shuaimhneas. Dein an meicneoir agus an bheirt chailíní iniúchadh géar air sular fhilleadar ara gcomhrá i nglór mbeag. Rug an cailín pláta piseanna glasa la piobar agus fínéagar chuige, chomh maith la foirc agus a bheoir shinséir. Plac sé a bhia go santach agus taitin sé chomh mór leis gur thogair tuidheacht ar ais gossan siopa gcéanna arís. Nuair a bhádar na piseanna ar fad caite aige, blais sé a bheoir shinséir agus suigh siar ar feadh scaithimh maith agus é ag smaoineamh fo eachtra an Toirdhealbhaigh. Chonacthas beirt leannán ag siúl bóthair dorcha éigin dó; chualathas glór toll Corley agus é i mbun cluanaíochta bríomhaire dhó agus athshamhlaigh sé cár teaspach gáire na mná óga. Meabhraigh an íomhá seo a dhíth airgid agus anama féin go géar dó. Baí sé tuirseach den mhangaireacht thart, de bheith ar bhallánaibh stéille an mhadra, baí tuirseach de choraibh is de chleasaibh. Bheadh sé aon bhliain déag is fichead i mí na Samhna. Nach bhfaigheadh sé post maith riamh? Nach mbeadh a áras féin aige riamh? Ba mhéanar, a smaoinigh sé, dá mbeth tine teolaí la suí lana hais aige agus dinnéir la suí síos chuige aige. Baí a sháith aige de shiúl na sráideanna la cairde is la cailíní. Tuig sé luach na gcairde seo: baí aithne aige arsna cailínibh freisin. Do dhóigh a thaithí arsan tsaol a chroí ann. Ní rabh deireadh dóchais bainte dhe áfach. Airigh sé níos fearr tar éis an ghreim bia ná mar a d'airigh roimhe, ní rabh sé chomh tuirseach den tsaol, ní rabh a mheanma chomh cloíte. B'fhéidir go n-éiríodh leis fós socrú síos i gcúinne gcluthar do mhaireachtáil go sona dá dtagadh sé ar chailín dheas shaonta aga mbeadh beagán maoine.

Tug sé dhá phingin is leathphingin don tsraoill chailín gur fág an siopa dho thosú ara fhánaíocht arís. Iompaigh ar Shráid Chéipil do shiúl i leith Halla na Cathrach. Ansin cas ar Shráid an Dáma. Ag coirnéal Sráid [Mhór] Sheoirse [Theas], buail sé la beirt charad leis gur stop chun labhartha leo. Baí sé bhuíoch den tsos ón tsíor-shráideoireacht. Fiafraíodar a chairde dhe ar fhaca sé Corley agus cérbh í an nuaíocht ba dhéanaí leis. Is beag cainte a dheineadar a chairde. Amharcadar la neamhshuim ar roinnt daoinibh issa tslua a chuadar tharstu agus caitheadar corrfhocal cáinteach. Dúirt duine amháin den bheirt gur fhaca sé *Mac* ar Shráid Westmoreland uair níos luaithe. Leis sin, dúirt Lenehan go rabh sé in éineacht la Mac an oíche cheana i dtigh *Egan*. Fiafraigh an fear a chonaic Mac ar Shráid Westmoreland arbh fhíor é gur bhuaigh sé roinnt airgid ar chluiche *billiards*. Ní rabh a fhios ag Lenehan: dúirt gur cheannaigh *Holohan* deochanna dhóibh i dtigh Egan.

Fág sé a chairde ag ceathrú chun a deich agus chuaigh suas Sráid Mhór Sheoirse Theas. Cas ar chlé ag Stuara Shráid Sheoirse gur siúl ar aghaidh go Sráid Grafton. Baí an slua cailíní is fear dulta i dteirce agus chuala sé go leor grúpaí is lánúineacha ag fágáil sláin ara chéile don oíche ara bhealach suas an tsráid. Stop sé ag clog Choláiste Ríoga na Máinlianna: baí sé ar bhuille a deich a chlog. Siúl sé leis go géar gasta ar feadh an taoibh ó thuaidh den Fhaiche ar fhaitíos go bhfilleadh Corley róluath. Nuair a shroich sé coirnéal Shráid Meirfean, seas sé fo scáth lampa a fhuireach gur tharraing amach ceann dena toitínibh a choinnigh sé agus las é. Bain sé taca assan chuaille lampa agus choinnigh a shúil arsan treo a raibh sé ag súil la Corley agus lasan mbean óg.

Beoigh a inchinn arís. Ní fheadar ar éirigh la Corley. Ar chuir sé an gceist uirthi fós nó an bhfágfadh sé sin don nóiméad dheireanach. Gach deann imní agus scleondair dar bhain la dála a charad, airigh sé chomh maith la deanna a dhála féin. An chuimhne ar chionn Corley ag imrothlú timpeall go mall, tug sé sin iarracht éigin suaimhnis dó: baí sé cinnte go mbéarfadh Corley an lá ceart go leor. Buail sé ina cheann go mb’fhéidir gur thionlaic Corley abhaile í ar bhealach eile agus gur thug cor dó. Grinnigh sé an sráid: ní rabh tásc ná tuairisc orthu. Acht caithfear go rabh leathuair an chloig caite ó chonaic sé clog Choláiste na Máinlianna. An ndéanfadh Corley a leithéid de rud? Las sé a thoitín deiridh agus tosaigh dá chaitheamh go himníoch. Stán sé go géar uaidh gach uair a stop tram agan chúinne eile den chearnóg. Ní mó ná gur imíodar abhaile ar bhealach eile. Bris páipéar a thoitín agus caith sé arsan mbóthar agus eascaine uaidh.

Go tobann, chonaic sé ag tuidheach ina leath iad. Baineadh preab áthais as. Agus é ag fanacht i ngaobhar don chuaille lampa, dein iarracht léamh an toraidh óna n-imeacht. Bádar ag siúl go gasta, an bhean óg ag tabhairt céimeanna tapa agus Corley lana taobh agus é ag dul dá chéimeannaibh móraibh. Ba chosúil go rabhadar ina dtost. Prioc tuairim fon toradh é mar a dhéanadh uirlis ghéar. Theipfí ar Chorley; baí a fhios aige gur chath caillte é.

Casadar síos Sráid Bhagóid agus lean sé arsan phointe boise iad arsan taobh eile den tsráid. Am ar bith a stopadar, stop seisean freisin. Labhraíodar la chéile ar feadh roinnt meandar agus ansin imigh an bhean óg síos céimeanna go fochlós tí. Fan Corley ina sheasamh ar chiumhais an chosáin, achar gairid óna céimeannaibh. Imigh roinnt maith nóiméad thart. Ansin osclaíodh an ndoras tosaigh go mall, cáiréiseach. Táinig bean síos na céimeanna de rith go ndearna casacht. Iompaigh Corley timpeall gur druid léi. Cuir corp leathan Corley a corp siúd fo cheilt ar feadh scaithimh agus ansin nochtadh arís í agus í ag rith suas na céimeanna. Dúnadh an ndoras arís ina diaidh agus tosaigh Corley ag siúl go mear i dtreo Fhaiche Stiabhna.

Chuaigh Lenehan issa dtreo gcéanna chomh tiubh is a tháinig leis. Titeadar cúpla braon éadrom báistí anuas. Glac sé iad mar rabhadh agus, tar éis chaitheamh súile siar arsan dtigh inar chuaigh an bhean óg, chun cinntithe nach rabh aon duine ag amhairc air, rith sé trasna an bhóthair go díocasach. An imní agus a iarracht reatha, chuireadar saothar anála air. Glaoigh sé:

‘Hallo, Corley!’

Cas Corley a cheann timpeall chun féachana cé a ghlaoigh air agus ansin coinnigh sé ara shiúl. Rith Corley ina dhiaidh agus é ag socrú a sheaicéad báistí ara ghualainn la lámh amháin.

‘Hallo, Corley!’ a ghlaoigh sé arís.

Táinig sé taobh lana chara agus scrúdaigh a ghnúis. Ní fhaca sé comhartha dá laghad uirthi.

‘*Well,*’ a deir sé, ‘ar oibrigh sé?’

Bádar tagtha chomh fada la coirnéal Plás Íle. Gan focal uaidh ar feadh an achair, cas Corley go tobann ar chlé gur chuaigh suas taobhshráid. Bhí cuma stuama air. Coinnigh Lenehan bord ar bord lana chara agus saothar air. Baí mearbhall air agus baí mailís la sonrú ina ghlór.

‘Nach ndéarfá liom é?’, a deir sé. Ar iarrais uirthi?’

Stadann Corley agan chéad chuaille lampa agus é ag stánadh amach roimhe go dorrga. Ansin síneann a lámh go tromchúiseach gossan solas go n-osclaíonn go mall fo shúilibh a dheisceabail. Leath aoibh an gháire air. Baí bonn beag ór ag glioscarnach ina bhois.

i **d’análaíodh... duine as *Florence*:** Fuaimnítear ‘c’ mar a rabh ‘h’ ann in *Florence*. Fuaimníonn Corley a ainm féin mar ‘horley’ (Corley = Mac Toirdhealbhaigh i. *Thor*, an dia Lochlannach + dealbhach)

ii ***Silent, O Moyle:*** amhrán la *Thomas Moore* (1779-1852). Rinneadh roinnt bailiúchán de amhránaibh Moore i ndiaidh a bháis. *Moore’s Melodies* a chuirtear orthu. Bhíodh an-tóir arsna hamhránaibh in Éirinn. Is fo Fhionnghuala é an t-amhrán seo thuasluaite, duine den cheathrar pháistí i bhfinnscéal ‘Oidhe Chlainne Lir’. Is é an *Moyle* i. Sruth na Maoile idir Éire agus Albain, ceann den trí áit ina gcaithid páistí Lir 300 den 900 bliain mar ealtaí. Deir líne den amhrán go bhfuil Éire fo shuan i ndorchadas (i. Dorchadas an phágánachais re theacht Bhriathar Dé).

iii ***boa:*** muince chleite a chuireas nathair mhór i gcuimhne

iv ***tulle collarette:*** bóna fialsíoda